


Tír gan Teanga, Tír gan anam

Sinn Féin ar son na Gaeilge




Pléchéipéis Ghaeilge Shinn Féin




Tír gan teanga,
tír gan anam.
A country
without a
language is
a country
without a soul.

Pádraig Mac Piarais




A people without
a language of
its own is only
half a nation. A
nation should
guard its
language more.

Thomas Davis



When we speak of
the necessity for
de-anglicising the
Irish nation, we
mean to show the
folly of neglecting
what is Irish.

Dubhghlás de híde



Is í an Ghaeilge
athghabháil na
hÉireann, agus
is í athghabháil
na hÉireann
slánú na
Gaeilge.

Máirtín Ó Cadhain



Clár

Réamhrá	3
Achoimre Fheidhmeach	5
Cearta Gaeilge	6
Pobal na Gaeilge	7
Na Gaeltachtaí	8
An Ghaeilge sa Chórás Oideachais	11
An Ghaeilge san Earnáil Phoiblí	13
An Ghaeilge sa Chórás Dlí	16
Na Meáin Chumarsáide Gaeilge	17

Réamhrá

Tá Sinn Féin tiomanta an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar theanga labhartha in Éirinn agus a hardréim a athbhunú i sochaí iltheangach.

Tacaímid le hobair phobal na Gaeilge, lena ghníomhairescaí agus eagraíochtaí ionadúla, mar phríomh-mheán na hoibre seo. Measaimid, i Sinn Féin áfach, gur cuid de phobal na Gaeilge muid agus tá muid tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge taobh istigh dár bpáirtí féin.

Is féidir le Sinn Féin leanúint ar aghaidh lena ról trí thacaíocht don Ghaeilge a chothú sna hinstiúidí polaitiúla, – i dTeach Laighean, sa Tionól, san Eoraip, sa Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas, sna comhlachtaí trastearann, agus laistigh de chomhairlí áitiúla – trí leanúint leis an stocaireacht agus leis an soláthar, ó thaobh cearta Gaelgeoirí .

Thuig na glúnta de cheannairí réabhlóideacha agus de ghníomhaithe teanga - Tomás Dáibhís, Dubhghlás de híde, Pádraig Mac Piarsais, Máirtín Ó Cadhain agus Bobby Sands, gan ach cúpla duine a lua - thuig siad uile ról ríthábhachtach na Gaeilge agus a hathbheochana i sochaí na hÉireann. Theastaigh ón gCadhna nasc a dhéanamh idir athbheochan na Gaeilge agus bunathrú shochaí na hÉireann trína thagairt ar athghabháil na hÉireann. Bunathrú ar son shaoránaigh fud fad na tíre.

Is sochaí ilchultúrtha í sochaí na hÉireann sa 21ú hAois. Trí dhátheangachas a ghríosú mar acmhainn don athmuintearas agus trí mheas a chothú d'éagsúlacht, beidh tacaíocht mhéadaithe an phobail agus rannpháirtíocht mar eochair ríthábhachtach do theimpléad ar Éirinn ilchultúrach comhaontaithe. Níl amhras ann ach go bhfuil ár gcomhstair agus ár n-éagsúlacht cultúrtha ina mbuntáiste dár sochaí.

Tá sé in am an Ghaeilge a chaomhnú.

Tá an-dochar déanta ag páirtithe rialtais sa Deisceart don Ghaeilge mar theanga labhartha. Bhí polasaithe agus cur chuige an rialtais, agus na rialtas roimhe seo, dochrach agus naimhdeach fiú, i leith fhorbairt na Gaeilge. Le linn a dtréimhse in oifig, bhí drochchlú an easpa maoirseachta, ceannaireachta agus tacaiochta don Ghaeilge orthu.

Ag am nuair atá na ceantair Ghaeltachta ag iarraidh tacaiochta agus infeistíochta, tá freagra an Rialtais ina chuíos náire. Tá rialtas i ndiaidh rialtais tar éis faillí eacnamaiochta a chur i bhfeidhm trí

easpa infheistíochta is pleanála; marbhántacht shóisialta a chinntíú trí eisimirce agus easpa deiseanna; trí neamhghníomh agus séanadh a léiriú.

Mar mhalaire ar sin, tá Sinn Féin tiomanta don Ghaeilge a thabhairt ar ais mar theanga labhartha ag muintir na hÉireann taobh amuigh agus taobh istigh den Ghaeltacht.

Sna hidirbheartaíochtaí go léir le Rialtais na hÉireann agus na Breataine chuireamar saincheist chearta na Gaeilge ar an gclár oibre. Le linn chomhaontuithe Chill Rimhinn (2006), dhaingníomar tiomantas d'Acht na Gaeilge a thabhairt isteach chun cosaint a dhéanamh ar chearta Gaeilgeoirí sa Se Chontae. Tá sé seo fós le déanamh.

D'éisigh agus bhain Sinn Féin aitheantas oifigiúil na Gaeilge amach; bunú comhlachta uile-Éireann (Foras na Gaeilge) leis an nGaeilge a thacú agus a chur chun cinn; síniú na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh ag na Breatainigh; leathnú ar chraoltóireacht Gaeilge sa Tuaisceart; an tiomantas le hAcht na Gaeilge a thabhairt isteach (a bhfuil teip ar na Briotanaigh a chomhlíonadh go dtí seo); maoiniú do Chiste Craoltóireachta na Gaeilge a dhaingniú; agus brú ó Shinn Féin ar Rialtas na Breataine Acht na Gaeilge a chur i bhfeidhm; agus cistíú leantach don Chiste Craoltóireachta a aimsiú, chomh maith le cistíú nua do Chiste Infheistíochta Caipilí na Gaeilge – Ciste Infheistíochta Gaeilge.

Leanann Sinn Féin ar aghaidh ag feachtasaíocht d'Acht na Gaeilge sa Tuaisceart, agus tá roinnt céimeanna tógtha trínár nAireacht sa Roinn Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta (RCEF) a áiríonn dréacht-mholtaí agus comhairliú poiblí ar Acht na Gaeilge. I mí an Mhárta 2016 vótáil na hAontachtóirí I gcoinne Acht na Gaeilge san Fheidhmeannas. Tá an dualgas ar Rialtas na hÉireann agus na Breataine a chinntiu go dtabhfar an tiomantas seo chun críche.

Tá an cháil ar an bhfeachtas Liofa a bhfuil mar sprioc aige líon na bhfoghlaimeoirí Gaeilge a mhéadú. De thairbhe láinseáil agus rath an fheachtais, a seoladh sa bláthain 2011 agus a raibh an tAire Carál Ní Chuilín ina ceannródaí ina thaobh, tá Cumann Lúthchleas Gael (CLG) i ndiaidh glacadh leis an bhfeachtas ar bhonn uile-Éireann.

Táimid fós tiomanta d'aisghairm ar Acht um

Riaradh an Cheartais 1737 a chuireann cosc ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna sa Tuaisceart chomh maith.

I dtaca le cúrsaí oideachais, tá athrú as cuimse tagtha ar earnáil an Ghaeloideachais de thairbhe obair an tAire Oideachais John O'Dowd agus Airí eile de chuid Shinn Féin roimhe. Tá oideachas agus soláthar seirbhísí óige trí Ghaeilgeanois i gcroílár an chóras oideachais ó thuaidh, agus tá cearta na dtuisimtheoirí, na bpáistí agus an aosa óig fite fuaité sa Roinn Oideachais. Tá infeistíocht gan fasach i stair an stáit déanta ag Airí Shinn Féin ó thaobh gaeloideachais agus seirbhísí de. Leanaimd ar aghaidh leis an idirghníomhacht le earnáil an Ghaeloideachais agus na chéad chéimeanna eile á bplé againn.

Thacaigh Sinn Féin leis an bhfeachtas Stádas sa Deisceart agus leanfaimid ar aghaidh ag obair d'aitheantas ionmlán na Gaeilge laistigh den Aontas Eorpach. Leanfaidh ár bhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa ag obair chun cinntíú le cinneadh an Chomhairle Eorpáigh a gcuirfidh deireadh le maolú na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Ghlac an páirtí rannpháirt agus thug tacaíocht ionmlán d'fheachtas Dearnag le Fearn agus tá

tiomanta fós do throid ar son chearta na nGaeilgeoirí agus iad a thabhairt laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Tacaíonn an páirtí le cumhactaí Oifig an Choimisiún Teanga a neartú go reachtúil; cioruithe ar eagraíochtaí agus ar thograí Gaeilge a aisiompú; agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a neartú le go dtabharfaidh eifeacht reachtúla do chearta Gaeilgeoirí sna 26 Contae.

Tacaímid chomh maith le ceapúchán Aire Sinsearach ag Bord an Rialtais le freagracht don Ghaeilge agus don Ghaeltacht agus Buan-Chomhchoiste an Oireachtas a chinnteoidh go gcuireann an Stát toil pholaitiúil ríthábhachtach i gcur chun cinn na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Sa bheartas polasaí seo léiríonn an páirtí cuid de na céimeanna de dhíth chun na Gaeltachta agus na Gaeilge a chosaint ó thuilleadh creimidh agus tú a chur le hathbhunú uirthi mar theanga bheo bheoga do shaoránaigh na hÉireann uile mar is ceart dó bheith. Tá neart fós le déanamh le cinntíú go gcúmhdófar ár dteanga, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht dhúchais do na glúnta atá le teacht.

Is seod í ár dteanga agus ár gcultúr Gaelach.

Achoimre Fheidhmeach

- Tá cur chuige uile-Éireannach ag Sinn Féin i leith chur chun cinn na Gaeilge.
- Creideann Sinn Féin gurb ionann comhionannas agus cuid lárnoch de shocháí dhaonlathach, agus foláonn sé seo seasamh le cearta Gaeilgeoirí.
- Creideann Sinn Féin go mbraitheann todhchaí na Gaeilge ar phobail inbhuanaithe Gaeltachta, ina mbeidh an Ghaelige ina mhórtheanga pobail.
- Creideann Sinn Féin gur cheart Aire Sinsearach na Gaeilge bheith ann ag Bord an Rialtais a bhfuil freagrachtaí na Gaeilge agus na Gaeltachta air / uirthi.
- Creideann Sinn Féin go gcuireann an t-ainmniú mar Cheathrú Gaeltachta úsáid na Gaeilge chun cinn ar bhonn laethúil agus cuidíonn sé seo le deiseanna sóisialta, cultúrtha is eacnamaíochta a uasmhéadú.
- Creideann Sinn Féin gur cheart oideachas trí mheán na Gaeilge, ón réamhscolaíocht go dtí stáidéir iarchéime, bheith ar fáil sa Tuaisceart agus sa Deisceart dóibh siúd a roghnaíonn é. Credimid gur chóir ceart a bheith ag an tuismithoir a chuid páistí a chur chuig Gaelscoil.
- Tacaíonn Sinn Féin le tumoideachas ag gach leibhéal sa chórás oideachais, go háirithe tumoideachas ag an luathchéim.
- Tá Sinn Féin i gcoinne aon iarracht stádas na Gaeilge a athrú mar ábhar éigeantach sna scrúduithe ar nós an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.
- Is bunghné dearfach de dhualgaisí na húdaráis áitiúla cur chun cinn na Gaeilge agus ár n-oidhreachta.
- Creideann Sinn Féin go bhfuil ceart ag saoránaigh a gcuid gnó a dhéanamh leis an stát trí mheán na Gaeilge agus go gcaith an córas dlí agus gníomhaireseachtaí poiblí seo a éascú.
- Tacaíonn Sinn Féin leis an sprioc go mbeadh níos mó ná 20% de státsheirbhísí inniúil sa Ghaeilge
- Éilíonn Sinn Féin go mbunóidh an stát clár earcaíochta i bhfostaíocht lucht labhartha na Gaeilge le go gcinnteofar gur féidir gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Fáiltíonn Sinn Féin roimh chinneadh an Chomhairle Eorpáigh chun deireadh a chur le Maolú Stádais na Gaeilge agus cinnteoidh Sinn Féin go gcuirfear an cinneadh seo i bhfeidhm.
- Cinnteoidh Sinn Féin go bhfoilseofar na Billí go léir agus na leasuithe molta i nGaeilge agus i mBéarla as seo amach agus go rithfear Billí i bhformáid dhátheangach sa Dáil agus sa Seanad.
- Creideann Sinn Féin nach mór teilifís, raidió agus meáin chlóite agus ar líne na Gaeilge bheith ar fáil go forleathan ar fud na hÉireann, ó thuaidh agus ó dheas.
- Creideann Sinn Féin gur gá lántacaíocht a thabhairt don Ghaeilge agus acmhainní iomlána a chur ar fáil do phobal na Gaeilge chun leas a bhaint as a gcuid iarrachtaí an infraestructúr riachtanach pobail a thógáil.

Cearta na Gaeilge

Creideann Sinn Féin nach mór go mbeadh comhionannas cultúrtha agus teangeolaíoch mar chuid thábhachtach de shochaí dhaonlathach in Éirinn. Cuimsionn sé seo aitheantas oifigiúil na Gaeilge, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, agus cearta na nGaeilgeoirí a bheith cumhdaithe i reachtaíocht.

Creidimid gur cheart stádas bunreachtúil na Gaeilge sa Deisceart a chur i bhfeidhm le beart de réir an fhoráil bhunreachtúla.

Tacaíonn an páirtí le cumhactaí Oifig an Choimisinéara Teanga a neartú go reachtúil; cioruithe ar eagraíochtaí agus ar thograí Gaeilge a aisiompú; athbhreithniú ar na scéimeanna teanga, ag breathnú ar rialachán a chur i bhfeidhm ina n-áit, rud ata molta ag an gCoimisinér Teanga cheana féin; agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a neartú le go dtabharfaidh éifeacht reachtúla do chearta Gaeilgeoirí sna 26 Contae.

Go dtí go gcuirfear Acht na Gaeilge do na Sé Chontae i bhfeidhm, ba cheart go ndaingneofai agus go n-achtófaí i reachtaíocht bearta breise na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh.

Tá Sinn Féin tiomanta do chomhaontú ar shleachta sa bhreis don Ghaeilge faoi na

ceannteidil go léir le go cuirfear Cuid III den Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh i bhfeidhm.

Oibreoidh Sinn Féin le go gcuirfear na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Aitheantas don Ghaeilge ó Thuaidh agus ó Dheas, cearta teanga lucht labhartha na Gaeilge cumhdaithe sa reachtaíocht agus stádas bunreachtúil don Ghaeilge i gcomhréir le Bunreacht na hÉireann.
- Cosaint ar chearta teanga trí fheidhmiú forchéimnitheach na dtiomantas a tugadh faoin gCreat-Choinbhinsiún do Mhionlaigh Náisiúnta a Chosaint agus faoin gCáirt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh ag údaráis phoiblí.
- Aisghairmfear nó leasófar an tAcht um Riaradh an Cheartais 1737 (Administration of Justice Act 1737), chun deireadh a chur leis an toirmeasc i dtaobh úsáid na Gaeilge sa Tuaisceart.
- Achtófar reachtaíocht le go gcinnteoidh go mbeadh gach aon chomhlacht a úsáideann córais ar líne in ann glacadh le litriú Gaeilge (ar nós sínte fada, srl.).

Pobal na Gaeilge

Is páirtí uile-Éireannach é Sinn Féin a chreideann go láidir go bhfuil géarghá le cur chuige trasphobail uile-Éireannach ar gach ní a bhaineann leis an nGaeilge.

Admhaíonn agus tréasláionn Sinn Féin an méid suntasach sároibre a rinneadh agus a dheántar, ag leibhéal na dtograí Gaeilge áitiúil.

Creideann Sinn Féin nach mór do phobal na Gaeilge bheith maoinithe níos fearr ina n-iarrachtaí líon na gcainteoiri Gaeilge a mhéadú agus bonneagar pobail chun tacú le hathbheochan na Gaeilge a thógál.

Iarrann Sinn Féin ar an dá rialtas a chinntíú go bhfuil an tacaíocht agus an shaineolas phleanáil teanga chuí ag na eagraíochtaí deonacha Gaeilge do tabhairt faoina ról i ré nua an phleanáil theanga.

Creideann Sinn Féin go bhfreastlaítear níos fearr ar leasa na Gaeilge trí chomhoibriú laistigh den earnáil agus trí straitéisí ionlána.

Tá Sinn Féin mar chuid de phobal na Gaeilge, agus mar acmhainn pholaitiúil, fheachtasaíochta is stocaireachta dóibh siúd atá ag lorg sochaí détheangach a chruthú, sochaí a chinntíonn soláthar seirbhísí ón gcliabhán go dtí an uaigh trí mheán na Gaeilge, dóibh siúd a dhéanann an rogha sin.

Aithníonn Sinn Féin an géarghá le húsáid na Gaeilge a uchtú ar fud na bpobal uile in Éirinn. Admhaímid an acmhainneacht don teanga bheith mar mheicníocht chun caidrimh níos fearr a chothú le daoine ón bpobal aontachtaí. Feictear ar nascálacha le pobail labhartha na Gàidhlige in Albain mar chomhghualluimh dóchúla sna iarrachtaí seo.

Is cuid lárnoch d'aon straitéis cuimsithe an tábhacht chun dul i dteagmháil go dearfach le mionlaigh eitneacha agus le pobail urnua agus

misneoidh Sinn Féin na hiarrachtaí seo in áit gur féidir.

Feiniméan ag éirí níos idirnáisiúnta is ea Pobal na Gaeilge. Tá an-dul chun cinn déanta i dtaobh an Ghaeilge a theagasc ar fud na Cruinne agus i dtaobh ghréasáin na gcainteoiri Gaeilge a ghríosú. Tréasláionn Sinn Féin go mór an obair seo agus féachfaimid chuige an gréasán seo a thacú agus a leathnú ar shlí inlaimhsithe. Tá na teicneolaíochtaí nua mar uirlisí tábhachtacha chun cabhrú le nasacadh leis na baill éagsula is scaipithe seo ó Phobal na Gaeilge a thugann féidearthachtaí den scoth an teanga a chur chun cinn ar fud na Cruinne agus daoine is grúpaí a ghríosú chun filleadh ar ais ar Éirinn chun saibhreas agus beogacht na teanga a chomhroinnt.

Le go gcabhrófar i gcur chun cinn agus i dtóigáil ar an obair roimhe, tá Sinn Féin tiomanta:

- Na hiarrachtaí ar fud an oileáin a athdhíriú le húsáid agus cosaint na Gaeilge a chur chun cinn agus a thacú.
- Cuspóirí, straitéisí agus gníomhaíochtaí soiléire a shonrú le go mbainfear seo amach ar leibhéal náisiúnta is áitiúil.
- Múnlai seachadtha deartha a chruthú le go dtabharfar aghaidh ar na riachtanais éagsúla sa Tuaisceart, sa Deisceart, san Iarthar agus san Oirthear, chomh maith le pobail thuaithe is chathrach.
- Cur chuige comhdhearach a ghríosú agus a chur chun cinn do na nithe seo go léir i measc cainteoiri Gaeilge agus eagraíochtaí gníomhuithe teanga.
- Tabhairt faoin leithcheal stairiúil agus faoi na dearctaí diúltacha i dtaobh na Gaeilge agus phobal na Gaeilge, go háirithe sa Tuaisceart.

Na Gaeltachtaí

Creideann Sinn Féin go bhfuil todhchaí na Gaeilge ag brath ar mhaireachtáil leantach na bpobal inbhuanaithe Gaeltachta, áit ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga an phobail. Tá go leor moltaí inár mbeartas "Margadh Nua don larthar" (Eanair 2016), a rachadh chun tairbhe na ceantair Ghaeltachta.

Teastaíonn ó na pobail seo straitéis shoileir rialtais ar mhaithé lena maireachtáil agus lena bhforbairt, rud a chuimsíonn bearta forbartha sóisialta, cultúrtha agus geilleagraí atá ceangailte le straitéis inmharthana teanga do cheantair Ghaeltachta agus iar-Ghaeltachta araon.

Ní éireoidh leis an gcineál seo straitéise ach trí chomhaontú agus trí thacaíocht na ndaoine sna pobail Ghaeltachta. Ní foláir acmhainní dá réir a chur ar fáil leis an straitéis a chur i bhfeidhm.

D'fháiltigh Sinn Féin roimh an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge sa Deisceart, ach tá díomá mhór orainn faoin easpa chur i bhfeidhm. Táimid den tuairim go gcaithfear fócas as an nua a thabhairt don Straitéis sin nó cur chuige nua a dhearadh a bheidh in oiriúint do riachtanas níos práinní atá sonraithe anois ó thaobh meath na Gaeilge de sna ceantair Ghaeltachta. Táimid ag moladh cur i bhfeidhm straitéise cuimsíthí le creimeadh phríomhaíochta na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta a aisiompú agus, ina theannta sin, ceantair Ghaeltachta nua a chruthú, go háirithe i gceantair uirbeacha sa Tuaisceart agus sa Deisceart.

- Molann Sinn Féin gur cheart Aire Sinsearach na Gaeilge bheith ann ag Bord an Rialtais le freagrachtaí na Gaeilge & na Gaeltachta amháin air / uirthi.
- Molaimid gur cheart Buánchoiste Oireachtas bheith ann le freagrachtaí don Ghaeilge agus don Ghaeltacht amháin orthu chun freastal ar shaincheisteanna a bhaineann leis an teanga.
- Molann Sinn Féin gur cheart Údarás na Gaeltachta an phríomhfheidhm d'fhorbairt gheilleagair agus bhonneagair na Gaeltachta a choinneáil agus gur gá acmhainní dá réir a chur ar fáil dóibh chun go gcuirfí sin i gcrích níos fíorr. Tabharfaidh Sinn Féin na toghcháin ar ais le haghaidh Bhord Údarás na Gaeltachta.
- Tá Sinn Féin tiomanta do bhunú ionaid bharr feabhasí thionsclaíocha lonnaithe i réigiún Ghæltachta in earnálacha ar nós na meán cumarsáide nua, fuinnimh in-athnuaithe, táirgíúlachta bia nideoige agus turasóireachta cultúrtha chun moill eacnamaíocha a mhaolú agus ionaid ghnó a fhorbairt le fás agus le fostáiocht a chothú do phobail áitiúla.

- Tacaíonn Sinn Féin le forbairt scéime na Roinne Oideachais, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, le cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thuismitheoirí ar mhaith leo a bpáistí bunscoile agus meánscoile a chur chun na Gaeltachta.
- Tacaíonn Sinn Féin le creidmheas cánach a thosú do thuismitheoirí leanaí a fhreastlaíonn ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht.
- Tá Sinn Féin i bhfábhar méadú ar lón na scoláireachtaí do mhic léinn chun freastal ar scoileanna na nOileán Gaeltachta agus go mbeadh ar a laghad beirt oide i ngach bunscoil oileánda.
- Fáiltíonn Sinn Féin roimh athbhreithniú a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla sna 26 Chontae chun forálacha an Achta a neartú agus comhghéilliúlacht na ranna agus na n-eagras Stáit a chinntí. Molaimid reachtaíochta a bhunóidh córas cuntasachta agus deá-chleachtais do gach roinn agus gníomhaireacht rialtais a chinnteoidh go gcomhlíonfar gach ceann acu a bhfreagrachtaí i ndáil le cur i bhfeidhm an Achta agus a chinnteoidh seirbhís 'gan cheist, gan choinníoll' trí mheán na Gaeilge sna Gaeltachtaí do shaoránuithe ansin.
- Tacaíonn Sinn Féin le scéim a thabhairt isteach laistigh den Aontas Eorpach ar an gcaighdeán céanna ar a bhfuil an Scéim Erasmus do Theangacha Mionlaigh, lena n-áirítear tréimhsí foghlama sa Ghaeltacht mar chuid de chúrsaí céime sa Ghaeilge.
- Tacaíonn Sinn Féin le cearta mhuintir na háite leanúint ar aghaigh le gnásanna traidisiúnta ar nós sleádóireachta, iascaireachta locha agus cladaigh agus feirmeoireachta beagsheilbhe i réigiún Ghæltachta mar chúrsa atá suntasach ó thaobh cultúr de.

- Iarrann Sinn Féin ar cheapachán breitheamh atá inniúil ar an nGaeilge do chúirteanna dúiche agus cuarda lonnaithe sna ceantair Ghaeltachta, mar a cheanglaíonn an tAcht Cúirteanna Breithiúnais 1924 agus do ghardaí atá inniúil sa Ghaeilge bheith ar fáil chun freastal ar chúirteanna agus pobal na Gaeltachta.
- Iarrann Sinn Féin ar ghníomhairesreachtaí rialtais agus ar údarás áitiúla, mar aon le gnóthais phríobháideacha, tionscnaimh gheilleagracha nó reachtaíochta, a chinntiú go soláthrófar na seirbhísí trí mheán na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta.
- Iarrann Sinn Féin ar Phleananna Ceantair Áitiúil a forbairt do na Gaeltachtaí, i gcomhairle le saineolaithe sochtheangeolaíochta, leis an nGaeilge a chosaint mar theanga phobail agus le hinmharthanacht na gceantar seo a mhéadú araon.
- Iarrann Sinn Féin ar Rialtas na hÉireann cúrsaí Gaeilge a leanúint sna ceantair Ghaeltachta, dírithe go sonrach ar theangairí agus ar aistritheoirí ó chúlraí difriúla teanga.
- Tá Sinn Féin tiomanta do thacaíocht agus forbairt leantach ar oideachas tríú leibhéal agus ar oideachas aosaigh, go háirithe gairmchúrsaí agus cúrsaí gairmiúla trí mheán na Gaeilge sna réigiúin Ghaeltachta.
- Iarrann Sinn Féin ar chistíú méadaithe agus tacaíocht mhéadaithe d'eagraíochtaí a sholáthraíonn cláir ghníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge, go háirithe do dhaoine óga, do dhaoine aosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do ghrúpaí eile faoi mhíbhuntáiste sna ceantair Ghaeltachta.
- Molann Sinn Féin athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar Scéim na gCúntóirí Teanga le tabhaint faoi riachtanais shaibhrithe teanga na n-ógánach Gaeltachta chomh maith le riachtanas na bhfoghlameoirí.
- Thabharfadh Sinn Féin an Liúntas Teagasc ar Óileán ar ais dóibh siúd a mhúineann ar na hÓileáin.
- Tacaíonn Sinn Féin le tacaíochtaí a forbairt, ar nós ranganna Gaeilge agus cúrsaí do dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu atá lonnaithe sa Ghaeltacht le cuidiú a thabhairt dóibh.
- Tacaíonn Sinn Féin le cistíú leantach d'Ealaín na Gaeltachta agus iarraimid ar forbairt bhreise agus ar shaothrú breise na n-ealaion traidisiúnta agus comhaimseartha chun forbairt chultúrtha agus eacnamaíoch a chothú sna réigiúin Ghaeltachta go léir agus thar lear.
- Tacaíonn Sinn Féin le forbairt leantach áiseanna pobail agus fóillíochta a chuirfidh feabhas ar an gcaighdeán maireachtála i gceantair Ghaeltachta.
- Tá Sinn Féin tiomanta do níos mó aitheantas agus tacaíocht le haghaidh cumas cósta agus muirí na réigiún Ghaeltachta a fheabhsú. Tacaímid le cearta iascairí cladaigh iascach a dhéanamh feedh na gcóstai agus iarraimid tacaíocht agus forbairt an tionscail mhuijrshaothraithe, iascaireachta agus phróiseála sa Ghaeltacht.
- Ba mhaith le Sinn Féin córas teileachumarsáide idirnáisiunta ar ardchaighdéan a sholáthair I ngach ceantair ghaeltachta chun go mbeadh rochtain chuí ag an bpobal do chórais fhón, leathanbhandá is araile ar bhonn iomaioch is leantach.
- Scrúdóidh Sinn Féin forbairt ar bhealach artaireach, a cheanglaíonn réigiúin Ghaeltachta le chéile agus aithint ar na bealaí seo mar bhealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach réigiúnach ag baint leo a nascann na bealaí ó Ghaillimh go Scríb, ó Ghaillimh go dtí an Clochán, ó Thrá Lí go dtí An Daingean go hlarthar Chorcaí agus ó Leitir Ceanainn go Gaoth Dobhair go dtí An Clochán Liath go Gleann Colmcille.
- Molann Sinn Féin go gcuirí macasamhail an Scéim Bóithre Áise sa Ghaeltacht ar bun in athuair chun cur ar chumas pobail bóithre nach boithre údarás áitiúl a choinneáil i gcaoi mhaith le rochtain a thabhairt do cheantair scoite agus do láithreacha oidhreachta.
- Tá Sinn Féin i bhfábhar tacaíocht leanúnach a thabhairt don tseirbhís aer as Conamara chuig na trí Oileáin Árainn, chomh maith le tacaíocht do sheirbhísí farantóireachta chuig na hoileáin Ghaeltachta ar fad agus go mbeadh

pobal na n-oileáin rannpháirteach sa phlé
maidir leis na córais a thairiscítear do na
bealaí iompair éagsúla.

Ceathrú Gaeltachta

Dualgas dlíthiúil is ea ainmniú stádas oifigiúil
Gaeltachta sa Deisceart cé nach bhfuil dualgas
don reachtaíocht seo sa Tuaisceart.

Sheol an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóilíochta
Carál Ní Chuilín agus an tAire Oideachais
John O'Dowd, beirt ó Shinn Féin, an Ceathrú
Gaeltachta go hoifigiúil i mBéal Feirste i mí Mheán
Fómhair 2013. Is é an Roinn Cultúir, Ealaíon agus
Fóilíochta (RCEF) an príomh-roinn ar fhorbairt an
Cheantair Ghaeilge, a chuimsíonn Bóthar na
bhFál ón gCarraig Gheal go Cluain Ard.

Faoi láthair, d'ainmnigh muintir Sleaacht Néill
i gCarn Tóchair iad féin mar Ghaeltacht thuaithe
agus tá pleannann ann le Ceathrú Gaeltachta a
fhorbairt i gCathair Dhoire.

Cuireann an t-ainmniú mar Cheathrú
Gaeltachta úsáid na Gaeilge chun cinn ar bhonn
laethúil agus cuidíonn sé seo le deiseanna
sóisialta, cultúrtha is eacnamaíochta a
uasmhéadú.

Cuireann an Ceathrú Gaeltachta féidearthachaí
ar fáil chun úsáid laethúil na Gaeilge mar theanga
labhartha a mhéadú chomh maith le deiseanna
do thurasóireacht chultúrtha agus oidhreachta,
réimse fáis sa gheilleagar, a mhéadú.

Tá Ceathrú Gaeltachta Bhéal Feirste lonnaithe
i gceann de na ceantair is diothaithe sa Tuaisceart

agus cabhraíonn an láthair chun dul i ngleic le
bochtanas, le diothacht agus le heisiamh sóisialta.

Ag tógáil ar an spéis mhéadaithe sa
ghaelscolaíocht, tá Ceathrú Gaeltachta Bhéal
Feirste mar láthair do Ghaelscoil an Lonnáin,
Gaelcoil na bhFál, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh
and Coláiste Feirste.

Is í fí Shinn Féin ná na Ceathrúna Gaeltachta
bheith aitheanta go hidirnáisiúnta mar thairbhe
ar fud an oileáin, chomh maith le deiseanna
eacnamaíochta a sholáthar do dhaoine áitiúla
agus le cuairteoirí foghlama na Gaeilge ó cheithre
airde na Cruinne, le go mbreiseofar iad.

Sa tslí seo, bheadh na Ceathrúna Gaeltachta
in ann sochair chultúrtha, shóisialta agus
eacnamaíochta a thabhairt don tsochai i
gcoitinne.

Tacaionn Sinn Féin le:

- Bunú chlár comhroinnte oideachais is
eolais a bhunú sna Ceathrúna Gaeltachta,
ag obair i bpáirtnéireacht le rannóga
rialtais, sa Tuaisceart agus sa Deisceart
chun tacú le daoine óga dul isteach san
ardoideachas agus sa bhreisoideachas trí
dheiseanna san ionad oibre a fhorbairt
agus a oscailt, go háirithe sna tionscail
shainithe agus theicniúla, as Gaeilge.
- Moill thithíochta Gaeilge a bhféadfadh
freastal ar dhaoine áitiúla agus ar scoláirí
Gaeilge araon inár féidir leo cuairt a
thabhairt air agus tumadh in aisling na
gCeathrúna Gaeltachta.

An Ghaeilge sa Chóras Oideachais

Cumhdaíonn Sinn Féin teanga dúchais na hÉireann agus maímid as a páirt mar shuaitheantas feiniúlachta dár ndaoine, a lárnacht agus a hábharthacht do chultúir agus stair an náisiúin.

Creidimid nach mór don Ghaeilge bheith tacaithe agus maoinithe go hiomlán sna córais oideachais sa Tuaisceart agus sa Deisceart, de réir riachtanais.

Creidimid gur cheart oideachas trí mheán na Gaeilge, ón réamhscolaíocht go dtí stáidéir iarchéime, bheith ar fáil sa Tuaisceart agus sa Deisceart dóibh siúd a roghnaíonn é.

Tacaíonn Sinn Féin le:

- Maoiniú cuí do Ghaeloideachas ó na blianta luaithe go dtí an tríú leibhéal.
- Cothromaíocht sholáthair an Ghaeloideachais ar chomhchéim leis an mBéarla ar a laghad le bheith maoinithe ag an dá Roinn Oideachais. Beidh sé seo mar dhualgas ar an dá roinn, ní hamhán le héileamh an Ghaeloideachais a shásamh, ach an t-éileamh céanna a chruthú.
- Bunú cláir phleanálte ar thógáil Gaelscoileanna bunaithe ar éileamh agus ar inmharthanacht ag an dá Roinn Oideachais agus na gníomhaireachtaí faoi seach a mhaoiniú, agus go mbeadh éascú ar an bpróiseas aistrithe go Gaelscoileanna do scoileanna agus do thuismitheoirí.
- Na ranna oideachais sa Tuaisceart agus sa Deisceart, agus a gníomhaireachtaí faoi seach dul i ngleic le for-rochtain do gníomhaithe na Gaeilge ag na céimeanna is luaithe i bhforbairt na gaelscoile le go mbainfear an leas is fearr as a n-eolas, a dtáithí agus a bhfeasacht ar riachtanais áitiúla.
- Gaeilge tumoideachais ag gach leibhéal sa chóras oideachais, go hairithe an luath-thumoideachas. Tacaímid le tumoideachas páirteach bheith ar fáil do gach páiste sa Deisceart, do chéad dá bliaín na scolaíochta bheith müinte trí Ghaeilge agus go muintear dhá ábhar sa bhrefis trí Ghaeilge sa bhunscoil (Ealaín agus Spórt).
- Feidhmeoidh na scoileanna go léir sa Ghaeltacht oifigiúil trí Ghaeilge amháin.

- Úsáideofar Gaeilge i ngach réamhscoil a fhaigheann cúnamh ón stát.
- Cinntíu go dtabharfar clár an cheartchaighdeáin Ghaeilge dóibh siúd a oibríonn i réamhscoileanna, mar chuid dá n-oiliúint sna modúil CDBOO ag leibhéal 5 go 8.
- Líon na ndaltaí díolúnaithe ón nGaeilge a laghdú – go háirithe na daltaí a tháinig thar lear. I gcásanna na ndaltaí seo, ba cheart ábhar nua Staidéar na Gaeilge a bhunú ina múinfear dóibh bunús na Gaeilge chomh maith le stair na teanga.
- Aghaidh a thabhairt ar theaghlaigh oibre sa Deisceart agus ar inbhuanaitheacht na gceantar Gaeltachta trí creidmheas cánach ar 20 a sholáthar, ar aon chaiteachas suas go €950 a ghearrtar ar tuismitheoirí do chúrsaí sa Ghaeltacht. Do pháistí nach bhfuil a dtuismitheoirí ag obair, bhronnfad Sinn Féin aisbhaint ag an bhfoinse ar 20% na dtáillí dóibh siúd le cártai Leighis.
- Cláir a sholáthar a chinntíonn go gcumasaítear müinteoir in úsáid agus i múineadh na Gaeilge. Go solathraítear cláir athbhreithnithe agus athnuachana mar chuid de dhualgaisí an mhúinteora chun cinntíu go dtagtar ar agus go gcothaítear an caighdeán ceart Gaeilge.
- Stádas na Gaeilge a chothú mar ábhar éigeantach i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteiste.
- Leanúint ar aghaidh le 40% ar a laghad a bhronnadh don Bhéaltríail Gaeilge i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteiste agus bronnfar pointí sa bhrefis don Ghaeilge Ardléibhéil san Ardteist mar a dhéantar in ábhar na Matamaitice.
- Soláthar ar chúrsa nua Gaeilge do mhic léinn na Gaeltachta agus do mhic léinn ag freastal ar gaelscoileanna, ina gcuirfear treoir ar scribhneoireacht chruthaitheach, ar litriocht sa brefis agus ar theangeolaíocht fheidhmeach. D'fhéadfadh an cursa seo bheith oiriúnach do chainteoirí dúchasacha nó d'fhoghlaimeoirí neamhdhúchasacha uaillmhanacha.

- Cur i bhfeidhm na moltaí sa Straitéis 20 Bliain maidir leis An Chomhairle Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta agus go gcuirfear na hacmhainní daonna agus airgid de dhith ar fáil le go mbainfidh sí a dualgaisí reachtúla amach.
- Struchtúr foirméálta a chur in áit idir An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) agus An Comhairle um Churaclain, Mheasúnuithe & Scrúduithe (CMS) le háiseanna múinteoireachta a tháirgeadh agus a roinnt ar mhaithe le hearnáil na Gaeilge, an oideachais agus luach an airgid.
- Forbairt leanúnach na mbrateagraíochtaí ar nós Gaelscoileanna, Comhairle na Gaelscolaíochta, lontaobhas na Gaelscolaíochta agus an Foras Pátrúnachta.
- Forbairt ar chlár Gaeilge d'oiliúint mhúinteoirí bunaithe sa Ghaeltacht.
- Fáil ar cháilíochtaí 'chaighdeán íosmhéid' do shocruithe oideachasúla a thabhairt trí mheán na Gaeilge.
- Fáil ar ghaeloideachais do dhaltaí le sainriachtanais oideachasúla sa bheis nó le deacrachaí foghlama chomh maith le soláthar Shainriachtanais Oideachasúla trí Ghaeilge ag leibhéal bunscoile is iarbhunscoile.
- Bunú ranganna Gaeilge ar fud na hÉireann do dhaoine fásta saor in aisce d'úsáideoirí le go méadófar líon cumasach úsáidte na Gaeilge i saol laethúil s'acu.
- Feidhmniú céimneach do Líofa a chur i bhfeidhm, nó scéim cosúil leis a mbeadh tacáiocht an stáit ag gabháil leis, sna 26 Contae.
- Dearadh cursa foghlama na Gaeilge do thuismitheoirí a chur ar fáil, a éascóidh a dtacaíocht dá bpáistí ag foghlaim ar scoil.
- Go gcuirfear maoiniú ar fáil chun an détheangachas a ghríosú sna scoileanna Béarla sna 26 Contae.
- Go mbeidh paireacht mheasa ag an nGaeilge agus go dtaispeánfar í ar chomhchéim leis an mBéarla, i ngach institiúid tríú leibhéal, i ngach coláiste agus i ngach ollscoil ar fud na hÉireann lena áiritear fógraí, cáipéisí agus treoracha.
- Comhaontú rialtais ar chlár forbartha maoinithe d'oideachas tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge i gcomhar le gach ollscoil ar an oileán, sa Tuaisceart agus sa Deisceart, ar mhian leo rannpháirt a ghlacadh, le bunú ollscoil Gaeilge tiomanta mar aidhm fhadtéarmach.
- An riachtanas do Ghaeilge na hArdteiste a choimeád chun freastal ar chúrsaí tríú leibhéal in Ollscoil na hÉireann.

An Ghaeilge san Earnáil Phoiblí

Creideann Sinn Féin go bhfuil cothromáiocht chultúrtha agus teangeolaíochta laistigh den saol saoránach ríthábhachtach do bhunú sochaí daonlathach in Éirinn. Dá réir sin, creideann Sinn Féin go bhfuil sé de cheart ag gaelgeoirí a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis na rannóga rialtais áitiúla agus stáit, agus ní mór don chóras díl agus do chomhlachtaí na hearnála poioblí úsáid na Gaeilge ó shaoránaigh a éascú.

Cuirfimí s iacall ar na Comhairlí go léir glacadh le Straitéis Chur Chun Cinn na Gaeilge, ag díriú ar fhorbairt Theanga sa Phobail, i gcomhar leis na heagraíochtaí cui, chomh maith lena gcuid dualgaisí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (sna 26 Chontae).

Ba cheart do na hÚdarás Áitiúla seirbhís a sholáthar ar ardcháilíocht do shaoránaigh ar mhian leo seirbhís trí Ghaeilge a fháil. Cinnteoimid go gcuirfear fior-éifeacht le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus go gcuirfear i bhfeidhm mar is ceart, agus go mbeidh ar gach Údarás Áitiúil, chomh maith leis na Comhlachtaí Stát eile.

Chuige seo, tá sé ríthábhachtach go bhfuil leor céatadáin ag an bhfoireann in ann a gcuid dualgaisí a chomhlíonadh trí Ghaeilge. Tá Sinn Féin ar son polasaí idirdhealaithe dhearfaigh i bhfábhar gaeilgeoirí, agus a chinnteoidh tréandeiseanna tréanála d'fhoireann an údarás áitiúil chomh maith. Bheadh sé seo laistigh de chreatlach Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG).

Ní mór aghaidh a thabhairt ar an leithcheal stairiúil i gcoinne cultúr na nGael agus an faillí a rinneadh ar riachtanais gaeleoirí, sa Tuaisceart agus sa Deisceart.

Creideann Sinn Féin gur cheart caitheamh leis an nGaeilge agus leis an Ultais ar bhonn riachtanais aonair an ceann seachas glacadh gur ionann an stádas eatarthu nach gciollódh ach amháin moill a chur le forbairt na Gaeilge. Faoi láthair, aithnítear Ultais faoi Páirt II, agus Gaeilge faoi Páirt III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Éilíonn Sinn Féin cearta na Gaeilge a áireamh i mbille Cearta don Tuaisceart.

Tá Sinn Féin tiomanta do:

- Bunú clár earcaíochta i bhfostaíocht lucht labhartha na Gaeilge ag an stát le go gcinnteofar gur féidir gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- An sprioc go mbeadh níos mó ná 20% de

státsheirbhísí inniúil sa Ghaeilge.

- Forchinntí ó na ranna go bhfuil a ndóthain ball foirne acu atá inniúil sa Ghaeilge ar féidir leo seirbhís a fhreastal trí Ghaeilge.
- Ath-thabhairt isteach na bpointí breise don phróiseas earcaíochta sa Státhóras.
- Iacall a chur ar ard-rúnuithe na rannóga sa Státhóras a chinntí go bhfuil a bplean teanga curtha i bhfeidhm acu mar atá siad ceangailte faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (The Language Act). Caithfear cumhactaí neartaithe a thabhairt don Coimisinéir Teanga a chinntí go ndéanfar seo.
- Ceapachán Coimisinéir sna Sé Chontae chun maoiriú ar bhirt don Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de ghníomhaireachtaí agus ranna rialtais.
- Oiliúint teanga inseirbhíse a reachtáil d'fhoireann an Státhórais.
- Cáipéisíocht ón Rialtas Lárnach agus Áitiúil do scoileanna bheith curtha ar fáil i nGaeilge d'earnáil an Ghaeloidéachais.
- Deireadh a chur le hainmneacha galldaithe d'eargraíochtaí Stát ina áit a bhfuil ainmneacha Gaeilge acu cheana.
- Cur chun cinn gníomhach na Gaeilge ó na húdarás aitiúla mar ghné dheardach agus chomhtháite i leith dualgaisí don teanga agus dár gcultúr.
- Caomhnú cuí agus cuaille eolais chuí ar logaimmneacha Gaeilge agus in ainmniú forbairtí nua titheacha a léiríonn dúchas áitiúil nó oidhreacht náisiúnta.
- Reachtáiocht a cheadaíonn d'fhógraí sráide bheith dátheangach sna Sé Chontae (i nGaeilge agus i mBéarla) ach amháin i sráideanna ina bhfuil móramh na gcónaitheoirí i gcoinne, nó i gcás thráchtáil gnó ina bhfuil dhá thrian na ngnóthas i gcoinne.
- Iachall a chur ar na húdarás áitiúla na comharthaí bóithre ina gceantair faoi seach a chriathrú agus a scagadh agus a chinntí go mbeidh an fhoirm cheart Ghaeilge acu go léir.
- Cinntí go n-úsáidtear an leagan Gaeilge amháin ar chomharthaí bóithre sa Ghaeltacht.
- Cinntí go bhfuil an leagan Gaeilge ar

- chomharthaí bóithre agus sráide níos mó ná an leagan Béarla.
- Soláthar ó na húdarás áitiúil d'fhis dhátheangach ar gach foilseacháin, cáipéisí oifigiúla agus foirmeacha i gcomhréir leis an gCait Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlacha agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla sna 26 Contae agus sna 6 Chontae.
 - An riachtanas bheith ar gach Comhairle Contae agus Cathrach sna 26 contae a chinnteoidh go bhfuil freaghracht ag ceann dá gcuid Choiste um Beartais Straitéiseacha do chur chun cinn na Gaeilge, agus ba cheart go mbeidh Coiste na Gaeilge bunaithe faoin CBS ag feidhmiú trí Ghaeilge a chuimsíonn comhairleoirí, feidhmeannaigh, leasuithe spéise ó Phobal na Gaeilge.
 - An ceart bheith ag Údarás na Gaeltachta ball a aimníú don Choiste seo, i gceantair ina bhfuil ceantair Ghaeltacha laistigh de Chomhairlí áitiúla.
 - Comhairleoirí Shinn Féin, trína ngníomhaíochtaí féin agus tríd an bPolasaí, ag dul sa lorg chun gríosú d'úsáid méadaithe na Gaeilge le linn chrúinnithe na Comhairle.
 - An Páirtí ag gríosú na gComhairlí chun a chintiú go mbeidh maoiniú ealaíon áitiúil agus spóirt ag tabhairt gníomhaíochtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn san áireamh, agus go háirithe ba cheart méid áirithe maoinithe do scéimeanna spóirt a dhíriú ar ghníomhaíochtaí a chuireann ealaíona na Gaeilge chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs ról méadaithe na n-údarás áitiúil faoi Straitéis an Chomhairle Ealaíon 'Feidhmiú Ealaín den Scoth' 2016-2025.
 - Ranganna Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéal éagsúla d'fhoireann agus do bhail an Chomhairle ar bhonn seachtainiúil laistigh d'uaireanta oibre, agus go mbeidh scoláireachtaí Gaeltachta ar fáil d'fhoireann in áit atá cuí.
 - Ghósóimis ar na Comhairlí Áitiúla Straitéis Cumarsáide Gaeilge bheith acu, ag úsáid agus ag baint uasfheidhm as an nGaeilge sna Meáin Shóisialta, agus in aon chomhfhreagras. Bheadh tréanriachtanas ann do láithreacht na Gaeilge i; féiniúlacht Chorparáideach, comhfhreagras, cumarsáid trí ghuthán, foilseacháin agus eolas leictreonach, teagmháil le meán na Gaeilge, cuir i láthair / óráidíocht phoiblí, imeachtaí, comharthaíocht agus infheiceacht.
 - Oibreoidh gníomhairí Shinn Féin le heagraiochtaí earnála na Gaeilge chun tosaíochtaí a aithint agus iacall a chur ar na Comhairlí Áitiúla bheith níos freagrúla do riachtanais s'acu.
 - Líon na gComhairlí le hOifigeach Gaeilge tiomanta a mhéadú. Tá roinnt Comhairlí le foireann i dteideal Oifigeach Gaeilge, ach go mbíonn ról seo fite fuaite le dualgaisí eile. Creidimid go mba cheart an ról seo bheith lánamseartha. Chomh maith leis sin, cinnteodh Sinn Féin go nglacfaidh na hOifigigh Ghaeilge sa Deisceart níos leithne. Cinnteoimis go n-aireofar Forbairt na Teanga sa Phobal mar chuid dá dtéarmaí tagartha chomh maith le go gcinnteofar go dtabharfaidh an Comhairle ar a seirbhísí de réir Acharta na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D' Fheadfadh an Oifigeach Gaeilge:

- Naisc a fhorbairt le pobail ghaeilgeoiri sa cheantar Comhairle, agus bunachar teagmhála daoine / grúpaí a thógáil. Úsáidfear seo chun deiseanna maoinithe a léiriú a bhféadfáil bheith ar oscailt do Ghrúpaí Gaeilge tríd an gComhairle, trí Fhoras na Gaeilge, nó trí aon fhoinsí eile.
- Comhoibriú le Glór na nGael chun pobail a aithint inár féidir gréasáin Ghaeilge a thógáil, na tacaíochtaí atá de dhíth uathu, agus chun cabhrú le Glór na nGael a leithéid de ghréasáin a fhorbairt, chomh maith leo a nascadh leis an mórbhobal teanga sa Chontae / sa Chathair trí ghréasáin bheith tóghtha suas ag an Oifigeach Gaeilge.
- Úsáid chruthaitheach an idirlín, na meán sóisialta agus na teicneolaíochta a chur chun cinn le go gcuirfear seirbhísí, idir phoiblí is phríomháideach, ar fáil i nGaeilge (is féidir teacht ar shamplaí dóibh seo i gComhairle Chontae Chiarrai), chomh maith le gníomhaíocht an phobail a chur chun cinn.
- Tacaíocht ghníomhach a thacú, trí OFÁ (Oifigí Fointair Áitiúla) agus i gcomhairle le Foras na Gaeilge, do ghnóthas ar mhian leo Gaeilge a úsáid, agus gnóthais a léiriú agus a luaíocht ar shampla Deá-Chleachtais iad, b'fhéidir trí dhuaiseanna a dhéanann aithris orthu siúd a eagraíonn Gaillimh Le Gaeilge agus Gael Taca.
- Obair le heagraiochta óige cui chun clubanna óige a fheidhmíonn trí Ghaeilge a chur chun cinn.

An Ghaeilge sa Chóras Dlí

Tá géarghá le hAlt a 7 den Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a phorálann gur cheart Achtanna an Oireachtas a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, a thabhairt ar ais. Ba chóir deireadh a chur leis an míchleachtas an leagan Gaeilge de reachtaíocht a fhoilsiú i bhfad i ndiadh feidhmiú an Acharta.

Oibreodh Sinn Féin le cinntiú, ina áiríonn reachtaíocht in áit gur ghá:

- Go bhfoilseofar na Billí go léir agus na leasuithe molta i nGaeilge agus i mBéarla as seo amach agus go rithfear Billí i bhformáid dhátheangach sa Dáil agus sa Seanad.
- Go mbeidh aistriúchán comhuaineach ar fáil i dTithe an Oireachtas agus sna coistí de Thithe an Oireachtas.
- Reachtaíocht a chinnteoidh go n-eiseofar gach lonstraim Reachtúil i nGaeilge agus i mBéarla.
- Reachtaíocht a chinnteoidh go n-eiseofar Rialacha na Cúirte go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla ach go háirithe.
- Chomh fada agus gur féidir, in áit a roghnaítear an Ghaeilge mar theanga ag aon pháirtí d'imeachtaí sibhialta nó coiriúla os comhar cúirte nó binse ina n-éisteann an breitheamh nó ba(i)ll an bhinse leis na himeachtaí, agus aon oifigeach cúirte nó binse, atá freagrach d'iompar na héisteachta, bheith in ann an fhianaise agus an aighneacht a thuiscint, gan cúnamh ó theangaire.
- Má chloistear cás trí Ghaeilge, nó má úsáideann aon cheann de na páirtithe an teanga le linn na himeachtaí, go dtabharfar aon ordú nó aon bhreith sa teanga sin.
- In áit a úsáideann ceann de na páirtithe Béarla sna himeachtaí, cinnteofar go dtabharfar aon ordú nó aon bhreith sa teanga sin.
- Go reachtálfar trí Ghaeilge imeachtaí go léir a thagann os comhar cúirte nó bhinse sa Gheltacht, bíodh gur imeachtaí sibhialta nó coiriúla, gan chlaonadh ar chearta de cheachtar na bpáirtithe nó na bhfianaisí a dteanga féin a úsaid le soláthar cuí aistriúcháin.
- Chomh fada agus gur féidir, go forghníomhófar aon chonradh nó aon choimhinsiún idir Éirinn agus aon Stát eile i nGaeilge ar an chéad dul síos.
- Go ndéanfar dréacht ar phlean a chuífidh iacall ar na cúirteanna arda a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge tar éis tréimhse ama áirithe. Ciallóidh sé seo go mbeidh leagan Gaeilge ar bhreitheanna na cúirte ar fáil. Bheadh tú sáite ag an leagan Gaeilge. Laistigh de dheich mblíana, bainfeair feidhm as an nGaeilge sa Chúirt Uachtarach.

Meáin na Gaeilge

Aontaíonn Sinn Féin leis an aitheantas atá tugtha i gComhaontú Aoine an Chéasta ar an tábhacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge sa chaint agus sa scriobh a éascú agus a spreagadh sa saol poiblí agus príobháideach.

Creideann Sinn Féin nach mór teilifís, raidió agus meáin chlóite na Gaeilge bheith ar fáil go forleathan, go háirithe maidir lena leathnú sna Sé Chontae.

Rachadh Sinn Féin i gcomhairle le craoltóirí uile ar oiléan na hÉireann, idir phoiblí is phríomháideach, le leibhéal cláreagruithetrí mheán na Gaeilge a mhéadú agus plé a dhéanamh ar thógáil toirte laistigh de na heagraiocháin le go dtabharfarar na spriocanna seo. Tabharfadh Sinn Féin faoi pholasáí agus faoi thionscnamh ar conas is fearr gur féidir úsáid na Gaeilge a mhéadú thar an speictream craolacháin.

Aontaíonn Sinn Féin le tiomantas na Cairete Eorpáí do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh, maidir le soláthar cuí a dhéanamh le go dtairgfidh craoltóirí cláir i nGaeilge. Creidimid gur cheart céatadán suntasach bheith craoltaí trí Ghaeilge, ag tosú ar 12.5% ar a laghad sa chéad bhliain ag teacht suas go 25% faoin gcúigiú bliain, do chraoltóirí uile a fhraigheann maioniú ón stát.

Aontaíonn Sinn Féin leis an aitheantas atá tugtha i gCairt Raidió Pobail an AMARC don Eoraip gur sárblealach í an raidió pobail chun saoirse chainte agus eolais, forbairt chultúir, saorise le tuairimí a fhoirmíú agus aghaidh a thabhairt orthu agus rannpháirtíocht ghníomhach sa saol áitiúil a chothú.

Aontaíonn Sinn Féin le tuairim Údarás Craolacháin na hÉireann gur thaispeáin eispéireas na Gaeilge gur féidir le stáisiún phobail forbairt bheith ina snáithe inmharthana ar leith i gCraolachán na hÉireann, agus go n-éileoidh comhlíonadh an chumais seo leibhéal suntasach tiomantais leanúnaigh agus tacaíochta leanúnaí ó ghníomhaireachtaí tacaíochta cuí.

Aithníonn Sinn Féin an tábhacht a bhaineann le meáin chlóite na Gaeilge agus tacófar le hiarrachtaí chun tacaíocht a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt san earnáil seo, agus gur cheart fógraí ón stát agus ón earnáil phoiblí bheith i nGaeilge nó bheith sa dá theanga oifigiúla go hionannach.

Aithníonn Sinn Féin an ról a imríonn stáisiúin reatha raidió pobail na Gaeilge, lena n-áirítear Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus Raidió

Fálte i mBéal Feirste go sonrach, maidir le raidió Gaeilge bunaithe sa phobal atá éifeachtach ó thaobh costais de, atá cuimsitheach agus atá ar ardchaighdeán a sholáthar, maidir le guthanna bríomhara nua pobail do phobal na Gaeilge a chruthú, maidir le hoiliúint agus rochtain ar na meáin do chuid mhór Gaelgeoirí a sholáthar, maidir le fócas gníomhaiochta cruthaithí agus sóisialta do lón mór Gaelgeoirí a sholáthar, maidir le hacmhainn bheoga bhríomhar do dhaoine atá ag foghlaim na teanga a sholáthar, agus maidir le hardán, ina féidir le daoine agus eagraíochtaí a oibríonn i bpobail na Gaeilge a gcuid oibre a thaispeáint, a sholáthar.

Aontaíonn Sinn Féin le ráiteas Ofcom, údarás rialála cumarsáide na Breataine, go bhfuil Raidió Pobail chun tosaigh maidir le 'sealbhú sóisialta a sholáthar' agus aontaíonn Sinn Féin leis an aidhm atá ag Ofcom chun seirbhísí pobail a áirithíú do gach pobal a bhfuil siad uaidh, agus creidimid go cuirfear an dualgas ar na stáisiúin raidió leis na cláir a thabhairt.

Léiríonn an fhreagra ó Ofcom (Bealtaine 2010) do leiriú spéise ó ghrúpaí a bhfuil suim acu i mbunú stáisiún raidió pobail ina raibh breis is 20 'léiriú spéise' ann ó ghrúpaí sa Tuaisceart ar mhian leo stáisiún pobail Ghaeilge, an fheidearthacht do ghréasán cuimsitheach stáisiún pobail Gaeilge ar fud na tíre.

Creideann Sinn Féin:


- Gur cheart maioniú stáit, cosúil le maioniú an Chiste Craoltóireachta, a chur ar fáil sa Deisceart le haghaidh oiliúint iriseoirí, chraoltóirí agus lucht déanta clár na Gaeilge agus le haghaidh comhoibrithe ar bhonn uile-oileáin.
- Go bhfuil an Ciste Craoltóireachta Gaeilge ina chuid dhílis d'athbheochan na Gaeilge sa Tuaisceart. Ba cheart go gcuirfi na hacmhainní cuí ar fáil dó, agus go ndéanfaí monatóireacht chuí air agus go ndíreodh sé ar léiriúchán agus ar oiliúint fhadtéarmach na nGaelgeoirí.
- Gur cheart reachtaíocht a achtú le go gcuirfear iallach ar chomhlachtaí craoltóireachta méid áirithe a chur amach trí Ghaeilge.
- Gur cheart cuidiú chun údarásí chraoltóireachta sa dá dhlínse le cruthú

líonra Raidió pobail na Gaeilge a éascú trí cheadúnais Raidió Pobail agus ceadúnais leas an phobail a dheonú ar phobail na Gaeilge ar fud an oiléáin taobh istigh agus taobh amuigh de cheantair na Gaeltachta chun clúdach uasta craolta, comhoibriú agus comhordú Raidió pobail na Gaeilge a cheadú ar fud oiléán na hÉireann.

- Cé go bhfuil múnla an Raidió Pobail, bunaithe ar oibrithe deonacha, an bealach is éifeachtai i dtaobh costais de chun seirbhís raidió Gaeilge a sholáthar, tá géarghá le maioniú cuí chun infhaighteacht fhoireann na n-oibrithe lárnacha ag na stáisiúin raidió pobail


a chinntiú le go mbeidh bainistíocht, riarrachán, oiliúint, seirbhísí teicniúla agus aon tacailocht eile atá cui ar fáil d'oibrithe deonacha. Féachfaidh Sinn Féin lena chinntiú go gcuirfear maioniú den sórt sin ar fáil.

- Gur cheart speictream digiteach a chur ar fáil do Raidió Pobail na Gaeilge ar phraghas réasúnta, i gcomhthéacs an athraithe go raidió digiteach.
- Go n-aithnímid tábhacht mhéadaitheach an idirlín mar mheán cumarsáide. Oibreoidim le go gcinnteofar acmhainní a chur ar fáil do láithreacht don teanga ar an idirlíon.




Tír gan teanga,
tír gan anam.
A country
without a
language is
a country
without a soul.

Pádraig Mac Piarais




A people without
a language of
its own is only
half a nation. A
nation should
guard its
language more.

Thomas Davis



When we speak of
the necessity for
de-anglicising the
Irish nation, we
mean to show the
folly of neglecting
what is Irish.

Dubhghlás de híde



Is í an Ghaeilge
athghabháil na
hÉireann, agus
is í athghabháil
na hÉireann
slánú na
Gaeilge.

Máirtín Ó Cadhain



Clár

Réamhrá	18
Executive Summary	20
Irish Language Rights	21
Pobal na Gaeilge (Irish Language Community)	22
Na Gaeltachtaí (Gaeltacht regions)	23
Irish Language in the Education System	26
Irish Language in the Public Sector	28
Irish Language and the Legal System	30
Irish Language Media	31

Réamhrá

Sinn Féin is dedicated to the restoration of the Irish language as a spoken language throughout Ireland and to its prominence in a multilingual society.

Sinn Féin support the work of the Irish language community, its representative agencies and organisations, as the main vehicle for the restoration of the Irish Language. We see ourselves as part of the Irish language community and remain committed to the increased use and promotion of an Ghaeilge within our own party also.

